# ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA LEANAÍ AN AONTAIS

## AN COMHTHIONÓL GINEARÁLTA

## Tuarascáil



#EUChildParticipation



CÉ A GHLAC PÁIRT SA SEISIÚN SIN:

- Leanaí
- Daoine fásta tionlacain
- Ionadaithe na mBallstát
- Rannpháirtithe eile ar daoine fásta iad
- Saineolaithe téamacha

# Clár

## Réamhrá

## Lá 1

### An chéad seisiún
Fáilte chuig Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais!

### Naisc a chruthú ar fud na hEorpa
Naisc a thógáil agus cairde a dhéanamh

### Naisc a chruthú idir na glúine
Foghlaim conas oibriú go sábháilte agus go fóinteach le páistí

### AE, mise & tusa
Plé a dhéanamh ar a bhfuil i gceist leis an Aontas Eorpach duitse

### Cuairt a thabhairt ar Pharlaimint na hEorpa

## Lá 2

### Ceardlanna téamacha
Ábhair atá tábhachtach do leanaí a phlé

### Ár gcuid foghlama a chomhroinnt
Smaointe na leanaí a chur i láthair

### An seisiún clabhsúir
An Comhthionól Ginearálta a thabhairt i gcrích

## Buaicphointí eile

## Na chéad chéimeanna eile

## Tuilleadh eolais

# Réamhrá

D'eagraigh Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais a chéad mhórchruinniú sa Bhruiséil le leanaí ó gach cearn den Eoraip, chun:

- plé a dhéanamh ar na saincheisteanna atá tábhachtach dóibh,
- tuilleadh a roinnt faoin Aontas Eorpach, agus
- labhairt faoin gcaoi ar féidir le leanaí todhchaí agus treo Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais a mhúnlú (an tArdán mar ghiorrúchán).

Tugadh an Comhthionól Ginearálta ar an gcruinniú sin, agus is é Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais a d'eagraigh é, ardán a thugann spreagadh do leanaí le bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus ina mbaill de shochaithe daonlathacha.

Tháinig 58 leanbh as 16 thír Eorpacha, agus daoine fásta a oibríonn san Aontas Eorpach agus eagraíochtaí um chearta leanaí chun na Bruiséile don chruinniú.

Mhair sé dhá lá, le príomhsheisiúin ar siúl lena linn a bhí á gcomhthreorú ag Painéal na Leanaí, agus ceardlanna beaga chun ábhair a phlé ar bhealach níos mionsonraithe.


Chomh maith leis sin, roinn na leanaí a gcuid moltaí, tuairimí agus smaointe faoin gcaoi ar féidir leis an Ardán rannpháirtíocht leanaí a fheabhsú ar fud na hEorpa.

Cruthaíodh leathanach tiomnaithe don Chomhthionól Ginearálta ar shuíomh gréasáin nua Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais.



Lá 1

# An chéad seisiún






**Rinne comhaltaí Phainéal na Leanaí agus ionadaithe an Aontais an chéad seisiún a chomhthreorú:**

**Anas** (an Danmhairg), **Aurora** (an Liotuáin), **Gabrielius** (an Liotuáin), **Maria** (an Rómáin), **Tala** (an tSualainn) agus **Tea** (an Chróit) chomh maith le **Milan Brglez**, (Feisire de Pharlaimint na hEorpa, Comhchathaoirleach Idirghrúpa um Chearta an Linbh i bParlaimint na hEorpa), **Dubravka Šuica** (Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht) agus Ceannaire Cabinet, **Colin Scicluna**, **Ana Gallego** (an tArd-Stiúrthóir um Cheartas agus Tomhaltóirí, an Coimisiún Eorpach -AS JUST), **Ingrid Bellander Todino** (An Ceann Aonaid, an tAonad Beartais um Chearta Bunúsacha, AS um Cheartas agus Tomhaltóirí).

**Is é Painéal na Leanaí** grúpa comhchruthaithe an Ardáin agus cuidíonn a ionchur luachmhar le dearadh agus cur chun feidhme an Ardáin a mhúnlú



# Lá 1

## An chéad seisiún







**Leag an lucht ceaptha beartas béim ar a thábhachtaí atá sé guth a thabhairt do leanaí:**

- Dúirt **Milan Brglez** gur gá ionadaíocht a bheith ag leanaí san Aontas Eorpach ionas gur féidir leo a dtuairimí a roinnt maidir le fadhbanna tábhachtacha, mar shampla, an t-athrú aeráide agus sábháilteacht ar líne.
- Mheabhraigh **Dubravka Šuica** do gach duine gur ceart bunúsach agus tosaíocht de chuid an Aontais í rannpháirtíocht leanaí. Ciallaíonn sé sin gur gealltanas é a thug an tAontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile do leanaí. Tá an tArdán ag cabhrú anois leis an ngealltanas sin a bhaint amach mar atá scríofa i Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh.
- Dúirt **Colin Scicluna** nuair a bhí sé ina leanbh, bhraith sé nár éist daoine fásta lena raibh le rá aige. Chuir Colin in iúl gur údar áthais dó toisc go bhfuil sé in ann athrú a dhéanamh anois agus a dhéanamh cinnte de go n-éistear le leanaí.
- Thug **Ana Gallego** le fios cén fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin do leanaí labhairt amach agus a dtuairimí a nochtadh: *"Tá tú ag labhairt amach ar son leanaí eile agus tá tú ag labhairt amach ar do shon féin amach anseo."*








# Lá 1

## An chéad seisiún

### Chuir na leanaí a bhí rannpháirteach in iúl cén fáth a bhfuil an tArdán tábhachtach dóibh:

- Dúirt **Tala** (an tSualainn) go bhfuil sé ríthábhachtach daoine óga a chumhachtú agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa chinnteoireacht a chinntiú. *"Is sinne is tábhachtaí don todhchaí agus, ní amháin sin; is sinne is tábhachtach i láthair na huaire freisin. Tá peirspictíochtaí agus smaointe úra againn, agus tá eolas luachmhar le tabhairt againn. Tá sé tábhachtach go bhfuilimid san áireamh sa tsochaí agus go mbeimid in ann ár mbarúlacha a chur in iúl maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu orainn."*
- Roinn **Aurora** (an Liotuáin) a taithí phearsanta maidir le rannpháirtíocht leanaí: *"Is le céim bheag a chuirtear tús le turas míle míle. Bíodh an Comhthionól Ginearálta mar an chéad chéim againn i dtreo Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais agus i dtreo todhchaí níos fearr do leanaí san Eoraip."*
- Tá **Anas** (an Danmhairg) ag iarraidh ar an Ardán cabhrú le leanaí róil a bheith acu ina bpobail féin.
- Tá súil ag **Maria** (an Rómáin) go spreagfaidh an tArdán níos mó leanaí chun páirt a ghlacadh ann.
- Labhair **Kalina** agus **Ralitsa** (an Bhulgáir) faoina gcuid oibre le grúpaí leochaileacha agus faoin dóchas atá acu foghlaim faoi chearta leanaí chun cabhrú le daoine eile níos mó. *"Tá súil agam gur féidir linn naisc nua a chruthú agus go gcloisfear guthanna mar cé go mb'fhéidir nach mbeimis in ann mórán a dhéanamh inár n-aonar, tá mé cinnte gur féidir linn a lán a dhéanamh le chéile."* **Kalina Radoslaw** (an Pholainn),
- Spreag sise gach duine chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoinfhulaingt: *"tá neamhaird á tabhairt ar chuid againn toisc nach bhfuil an chuma orainn go bhfuilimid cosúil le gach duine eile ná nach gcloímid le hionchais na sochaí."*
- Dúirt **Emanuele** (an Iodáil) gur féidir leis an Ardán a bheith ina uirlis chumhachtach do leanaí chun a dtuairimí a chur in iúl ar an leibhéal Eorpach, ós rud é gur féidir leis leanaí a shroicheadh i ngach tír, na tíortha nach bhfuil comhairlí leanaí acu san áireamh.




Rinne rannpháirtithe cur síos i bhfocal amháin ar cad a chiallaíonn rannpháirtíocht leanaí:




Lá 1

# Naisc a chruthú ar fud na heorpa




Sa cheardlann seo, d'oibrigh leanaí agus daoine fásta le chéile chun a chinntiú go raibh an Comhthionól Ginearálta **fóinteach, cuimsitheach agus sábháilte**. Chomhchruthaigh leanaí rialacha comhchoiteanna maidir le bheith ag obair le chéile.

*'Ní mór dúinn éisteacht le chéile más mian linn go n-éistfidh daoine fásta linn.'* **Flavio** (an Iodáil)





Ós rud é nach raibh go leor leanaí in ann freastal, bhraith na páistí a ghlac páirt ann go raibh orthu labhairt amach ar a son féin agus ar son leanaí eile freisin.

*"Táim anseo ag labhairt ní amháin ar mo shon féin ach ar son leanaí eile sa Chipir — leanaí a bhféadfadh sé nach n-oireann siad i gcónaí do na hionchais agus nach n-éistear leo ná nach bhfeictear iad i gcónaí."* **Loizos** (an Chipir)

Lá 1

# Naisc a chruthú idir na glúine

Ghlac ionadaithe thíortha an Aontais páirt i gceardlann chun foghlaim conas is féidir leo cabhrú leis an Ardán teagmháil a dhéanamh le leanaí agus páirt a thabhairt dóibh ina gcuid gníomhaíochtaí ina dtíortha féin.



*Marie-Cécile Rouillon, Comhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta an Linbh, an tAonad Beartais um Chearta Bunúsacha, AS um Chheartas agus Tomhaltóirí*

Labhair **Marie-Cécile** níos mó faoin Ardán, agus faoina bhfuil beartaithe a dhéanamh leis an Ardán.

Tá beagnach 50 comhalta ar an Ardán ó 27 mBallstát agus tá sé ag fás i gcónaí. Tá sé tábhachtach go scaipfeadh ionadaithe ó thíortha an Aontais agus eagraíochtaí eile an scéal chun é a dhéanamh níos éasca do níos mó leanaí páirt a ghlacadh san Ardán.

Bhí **Cath** agus **Laura** i gceannas ar an seisiún agus mhínigh siad a thábhachtaí atá rannpháirtíocht leanaí atá fóinteach, cuimsitheach agus sábháilte.

*"Tá níos mó ná cumarsáid mhaith i gceist le rannpháirtíocht atá bunaithe ar chearta. Is cineál rannpháirtíochta é a bhfuil cuspóir aige a chinntiú gur féidir le leanaí tionchar a imirt ar a saol féin."* **An tOllamh Laura Lundy**



*An tOllamh Laura Lundy, Comhstiúrthóir ar an Ionad um Chearta Leanaí agus Ollamh le Dlí um Oideachas agus Cearta Leanaí in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollamh le Dlí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.*

Mhínigh **Laura** go n-oibríonn an tArdán chun a chinntiú go dtugtar na nithe seo a leanas do leanaí: Spás, Guth, Lucht Éisteachta, agus Tionchar ar a ghníomhaíochtaí go léir:






*An tOllamh Cath Larkins, saineolaí neamhspleách ag obair le heagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla, rialtais agus ollscoileanna.*

Thug **Cath** chun suntais gur próiseas é rannpháirtíocht leanaí a chabhraíonn le naisc a dhéanamh idir leanaí agus daoine fásta. Sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach go labhróidh daoine fásta i gcónaí le leanaí agus go ndéanfaidh siad obair leantach ar na gealltanais a thugann siad do leanaí.

*'Is féidir le daoine fásta cabhrú le leanaí chun an t-athrú is spéis leo a bhaint amach.'* An tOllamh **Cath Larkins**

# An taontas, mise & tusa

Sa cheardlann seo, labhraíodh faoin Aontas Eorpach agus faoina bhfuil i gceist le páirt a ghlacadh i saol an Aontais.

Tháinig ionadaithe ó thíortha an Aontais chun a gcearta, rannpháirtíocht leanaí agus obair na rialtas náisiúnta a phlé le leanaí.




## An méid a pléadh:

- Ní éisteann gach tír go cothrom le leanaí: níl na huirlisí cearta i bhfeidhm ag tíortha chun éisteacht le leanaí agus ní mheasann siad go bhfuil guthanna leanaí tábhachtach.
- Tá sé tábhachtach go ndíreodh gach rialtas níos mó ar chearta leanaí.
- Ba chóir na huirlisí a thabhairt do leanaí a rá céard a cheapann siad.
- Tá sé de cheart ag leanaí eolas a fháil, maidir leis an bpolaitíocht agus maidir le tuiscint a fháil ar na deiseanna atá ann dóibh páirt a ghlacadh ann.
- Caithfidh leanaí déileáil le go leor saincheisteanna agus dúshláin, agus ba cheart cead cainte a bheith ag leanaí ar an méid seo, meabhairshláinte, bulaíocht, andúil, éadulaingt, sábháilteacht ar líne, agus cuimsiú san áireamh.

## Na réitigh atá beartaithe:

- Tá sé an-tábhachtach oideachas a chur ar fhir óga agus feasacht a ardú, mar shampla, maidir le cearta na mban agus sábháilteacht na mban.
- Éisteacht le daoine eile.
- Leanaí a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí polaitiúla agus sa chinnteoireacht ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.
- Tuilleadh plé a dhéanamh agus a bheith in ann ceisteanna measúla a chur.





Lá 1

# Cuairt a thabhairt ar Pharlaimint na hEorpa

San iarnóin den chéad lá, thug leanaí cuairt ar Pharlaimint na hEorpa chun foghlaim faoi stair an Aontais agus chun eolas a fháil faoin gcaoi a n-oibríonn Parlaimint na hEorpa.





Lá 2

# Ceardlanna téamacha

Bhí Lá 2 tiomanta do smaointe leanaí faoin Ardán a chloisteáil. I gceardlanna beaga, scrúdaigh leanaí téama agus an nasc atá aige le rannpháirtíocht leanaí, agus mhol siad smaointe maidir le gníomhaíochtaí an Ardáin.

Roghnaigh na páistí an t-ábhar is mó ar díol spéise dóibh é agus an t-ábhar is tábhachtaí dar leo.





## Cearta an linbh

Ba iad **Laura**, **Marie**, **Elisabeth** (foireann an Ardáin), **Marta** (AS JUST) agus **Oana** (Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, an Coimisiún Eorpach) a rinne an obair chun an seisiún seo a éascú.

## Leanaí ar son Eoraip atá níos cothroime agus níos glaise

D'éascaigh **Gabrielle**, **Noemi**, **Ingvild** (foireann an Ardáin) agus **Susanne** (an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coimisiún Eorpach) an seisiún seo




# Lá 2

## Ceardlanna téamacha

## Cosaint ar fhoréigean

Agus ba iad **Katerina**, **Almandina**, **Henk** (foireann ardáin) agus **Marie-Cécile** (Comhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta an Linbh, AS um Cheartas agus Tomhaltóirí) a rinne an seisiún sin a éascú.








## Bochtaineacht na leanaí

Rinne **Katerina**, **Hanna**, **Lilla** (foireann an Ardáin) agus **Jiri** (Ceann Aonaid, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Uilechuimsitheacht, an Coimisiún Eorpach) an seisiún seo a éascú.

## Comhairliúcháin a chomhchruthú

D'éascaigh **Cath**, **Andrea**, **Ruth**, **Barbara** (foireann an Ardáin) an seisiún seo.



Lá 2

# Ár gcuid foghlama a chomhroinnt

Le linn an tseisiúin sin, tháinig gach duine le chéile chun a gcuid smaointe a roinnt ó na ceardlanna. Chuir leanaí a gcuid moltaí i láthair do gach leanbh agus do gach duine fásta ag an gcruinniú.

## Grúpa 1 - Cearta an linbh



- Ní bhíonn aird gach tír san Aontas ar an gceart atá ag leanaí chun rannpháirtíocht pholaitiúil, mar sin d'fhéadfadh an tArdán feachtas a chruthú a thacódh leis sin ar fud an Aontais.
- Ba cheart an aois vótála a ísliú go dtí 16 bliana d'aois, *"níl aon bhealach ag daoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois chun polaiteoirí a thabhairt chun cuntais as a gcuid gníomhaíochtaí, ach más féidir leo vóta a chaitheamh, is féidir leo tionchar a imirt ar phléití polaitiúla a d'fhéadfadh a saol a athrú."* **Gabrielius** (an Liotuáin).
- Is fadhb í an **mheabhairshláinte** nach bhfuil aon teorainn léi. D'fhéadfadh an tArdán *"feachtas ar na meáin shóisialta a chruthú chun an mhuinín a theastaíonn ó dhaoine óga a thabhairt dóibh chun cabhair a iarraidh agus chun #stopachurlestiogma."* **Maria** (an Rómáin).
- **Ní mór cearta an linbh a bhaint amach san oideachas:** Ceart bunúsach do gach leanbh is ea oideachas maith. *"Is é an t-athrú is mian linn a fheiceáil ná go mbeadh cláir scoile ag páistí lena múintear dóibh scileanna saoil atá níos úsáidí."* **Andon** (an Bhulgáir).
- Tá oideachas atá dírithe ar chleachtas agus am d'fhorbairt phearsanta de dhíth ar leanaí. Is féidir le suíomh gréasáin an Ardáin cabhrú le leanaí a dtuairimí a roinnt. Ba cheart an tArdán a bheith infheicthe ag múinteoirí ionas gur féidir leo labhairt faoi le leanaí i scoileanna agus feachtais faisnéise a dhéanamh. Ba cheart an tArdán a bheith dírithe ar lucht ceaptha beartas freisin, ionas gur féidir leo faisnéis a roinnt a spreagann rannpháirtíocht leanaí maidir le hábhair a mbíonn tionchar acu ar shaol leanaí.

## Grúpa 2 - Leanaí ar son Eoraip atá níos cothroime agus níos glaise



- Táimid go léir ag maireachtáil i sochaí atá ag scriosadh ár bpláinéid. D'fhéadfadh an tArdán comhairliúcháin atá oiriúnach do leanaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, mar *"tá cinniúint an phláinéid i lámha na leanaí féin."* **Marketa** (an tSeicia).
- Is féidir linn athrú a dhéanamh trí phlé le polaiteoirí agus seimineáir ghréasáin inar féidir le leanaí a dtuairimí a roinnt. Tá nós ag daoine fásta *"smaoineamh nach fadhb é an téamh domhanda [...] Uaireanta bíonn a fhios acu gur fadhb é, ach níl a fhios acu conas labhairt faoi."* **Radoslaw** (an Pholainn). Bealach eile chun aghaidh a thabhairt air sin is ea **tacaíocht a thabhairt do dhaoine fásta agus do mhúinteoirí le huirlisí agus acmhainní speisialta**.
- Ba cheart don Ardán *"foghlaim atá frithpháirteach, cuairteanna staidéir, cuairteanna piaraí agus cruinnithe le chéile a éascú. Tá sé sin tábhachtach toisc gur féidir leis na daoine ar an Ardán breathnú ar a bhfuil á dhéanamh ag scoileanna nó cathracha éagsúla chun cabhrú le cosc a chur ar an athrú aeráide."* **Katie** (Éire).

Lá 2

# ÁR gcuid foghlama a chomhroinnt

## Grúpa 3 — Cosaint ar fhoréigean



*"Is inimircigh, daoine de dhath agus leanaí bochta freisin iad cuid de na príomhghrúpaí atá i mbaol foréigin."* **Eva** (an Spáinn). Is féidir leis an Ardán aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh leanaí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Físeáin faisnéise a chruthú agus a uaslódáil chun feasacht a mhúscailt.
- Comhairliúcháin ar líne agus as líne a reáchtáil.
- Seomraí comhrá sábháilte a bhunú chun comhrá a dhéanamh le leanaí eile.
- Leabhráin eolais agus nuachtlitreacha a fhorbairt do thuismitheoirí.
- A iarraidh ar leanaí a bheith rannpháirteach i bhforbairt na gcomhairliúchán chun plean de chuid an Choimisiúin a ullmhú.

## Grúpa 4 — Bochtaineacht leanaí

**Is í an bhochtaineacht leanaí is cúis le fadhbanna i gcúrsaí oideachais, sláinte agus tithíochta.** Sampla amháin gníomhaíochta a chabhraíonn le leanaí rochtain a fháil ar oideachas, ar shláinte agus ar thithíocht is ea an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. D'fhéadfadh an tArdán cabhrú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feachtais múscailte feasachta a eagrú maidir le hoideachas inrochtana agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim do chách.
- Spásanna sábháilte a chruthú do leanaí chun labhairt le chéile gan breithiúnas ó aon duine eile orthu.
- Gairmithe a fhostú (e.g. síceolaithe) chun comhairle a chur ar leanaí agus ar thuismitheoirí.
- Cabhrú le leanaí a gcuid eispéireas a roinnt le leanaí eile.
- Spás a chruthú ar an suíomh gréasáin ina bpléitear dea-chleachtais ó gach cearn den domhan ar féidir le leanaí cur leis, mar shampla bia sláintiúil agus bia a ithe inar féidir le leanaí oidis a roinnt san áireamh.
- Cabhrú le leanaí teagmháil a dhéanamh le saineolaithe agus le boird chomhairleacha náisiúnta do leanaí agus don óige.
- Oiliúint a chur ar fáil do dhaoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí cumarsáid níos fearr a dhéanamh leo agus tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas.



*"Ábhar a chruthú a d'éascódh imeachtaí a chruthú le leanaí ó chúlraí éagsúla, mar shampla, leanaí atá ina gcónaí in institiúidí agus iad siúd i dteaghlaigh. Chuirfeadh sé sin lánpháirtiú leanaí a thógtar in institiúidí chun cinn."* **Antonis** (an Chipir)

Lá 2

Ár gcuid foghlama a chomhroinnt

## Grúpa 5 - Comhairliúcháin a chomhchruthú

**Chuir an grúpa seo i láthair conas is féidir leis na comhairliúcháin a d’eagraigh an tArdán a bheith oiriúnach do leanaí agus tarraingteach.**



- *“Ba cheart imeachtaí chun aithne a chur ar a chéile a bheith sna comhairliúcháin le leanaí chun iad a chur ar a gcompord.”* **Emily** (an Bhulgáir).
- Ba cheart do dhuine a bhfuil aithne ag leanaí air an plé a éascú.
- *“Agus agallamh á dhéanamh, tá sé tábhachtach go mbeadh na ceisteanna ar eolas ag na leanaí roimh ré.”* **Emily** (an Bhulgáir).
- Cuir ceisteanna oscailte san áireamh, rud a ligeann do leanaí a dtuairimí a thabhairt.
- Teanga shimplí a úsáid agus an comhrá a úsáid chun na gníomhaíochtaí a mhíniú agus chun a chinntiú go dtuigeann leanaí na ceisteanna go soiléir.
- Bain úsáid as bréagáin frith-strus le linn comhairliúcháin.
- *“Cuir gach gníomhaíocht in oiriúint ionas gur féidir le leanaí faoi mhíchumas páirt a ghlacadh inti.”* **Emily** (an Bhulgáir).
- Níor cheart an comhairliúchán a bheith níos faide ná 20-30 nóiméad, le sosanna eatarthu.
- Agus seomraí sosa de 6-9 leanbh ann.
- Lig do leanaí na gníomhaíochtaí nó na cluichí is mian leo a úsáid a roghnú.



Lá 2

# An seisiún clabhsúir




**Rinne comhaltaí Phainéal na Leanaí agus ionadaithe an Aontais an seisiún clabhsúir a chomhthreorú:**

- **Aurora** (an Liotuáin), **Georgi** (an Bhulgáir), **Naya** (an Ísiltír), **Tabassum** (an Ísiltír), **Tala** (an tSualainn), **Yassmin** (an Spáinn) agus **Zahira** (an Spáinn).
- **Ewa Kopacz** (Leas-Uachtarán agus Comhordaitheoir Pharlaimint na hEorpa um Chearta Leanaí), **Minna Ljunggren** (Státrúnaí chuig Aire Seirbhísí Sóisialta na Sualainne), **Didier Reynders** (an Coimisinéir um Cheartas sa Choimisiún Eorpach), **Ana Gallego** agus **Ingrid Bellander Todino**.





## Lá 2

# An seisiún clabhsúir

Rinne **Tabassum, Yasmin** agus **Zahira** achoimre ar sheisiúin agus ar phlé an dá lá. Rinne Tabassum machnamh ar na téamaí a scrúdaíodh le linn na gceardlann agus dúirt sí gur mheas sí go raibh an plé maidir le meabhairshláinte an-tábhachtach agus d'iarr sí ar dhaoine fásta éisteacht le leanaí atá ag streachailt agus aire a thabhairt dóibh.

Mhol **Ewa Kopacz** do gach leanbh páirt ghníomhach a ghlacadh: "Is tusa todhchaí na hEorpa. Beidh tú ag déanamh cinneadh cén dlí faoina mbeidh tú féin agus do leanaí beo ó lá go lá le bhur linn. Sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach go dtosóidh tú ag smaoineamh agus ag plé na saincheisteanna seo anois, le do chairde agus le leanaí eile ar comhaois leat cheana féin. Níl aon ní dodhéanta."

Labhair **Minna Ljunggren** faoi cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh leanaí ina saoránaigh ghníomhacha. Mar shaoránaigh ghníomhacha, is féidir le leanaí bualadh le leanaí eile agus ceisteanna atá tábhachtach do leanaí agus don tsochaí a phlé.

Thug an **Coimisinéir Didier Reynders** aitheantas do streachailtí leanaí san Aontas agus dúirt sé nach bhfuil i Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh agus sa Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ach roinnt samplaí a chabhraíonn le rialtais dul chun cinn a dhéanamh, cabhrú le leanaí agus níos mó leanaí a thabhairt isteach le bheith rannpháirteach iontu. *"Sa Choimisiún Eorpach táimid tiomanta do ghuth a thabhairt don ghlúin óg agus iad a thabhairt chuig an aon bhord amháin linn."*

Chuir **Ana Gallego** i gcuimhne do gach duine gur cheart *'gach gníomh a dhéanann an tAontas seo againne a bheith bunaithe ar phrionsabal simplí: níor cheart dúinn dochar a dhéanamh do thodhchaí ár leanaí, ba cheart dúinn an domhan a fhágáil i staid níos fearr don chéad ghlúin eile.'* (Ana Gallego, ag déanamh tagairt do Ursula von der Leyen, Uachtaránan Choimisiúin Eorpaigh).

Is iad **Naya** (an tSualainn) agus **Tala** (an Ísiltír) a thug an óráid deiridh. Dúirt Tala go raibh sí an-sásta le fuinneamh agus paisean gach páiste. Dúirt Naya gur mhothaigh sí go raibh sí cumhachtaithe agus go raibh súil aici go mothódh gach duine eile sa seomra amhlaidh.

*"Ní hamháin go bhfuil tú ríthábhachtach don todhchaí ach tá tú an-tábhachtach go deo i láthair na huaire freisin, agus tá do ghuth agus do thiomantas tábhachtach chun cruth níos fearr a chur ar an domhan. Taispeáin dúinn go léir nach teorainn í an aois sin maidir le tionchar a imirt ar athrú agus difríocht a dhéanamh."*

*"Treise leis an óige!"* - **Tala**



## BUAICPHOINTÍ EILE

### Clár an tráthnóna

Bhí deis ag na páistí féachaint thart ar an mBruiséil nuair a bhí siad ag fanacht ann. Chuaigh siad ar Thuras Seacláide na Bruiséile, turas siúlóide i lár na cathrach le scéalta agus finscéalta agus bhlais siad seacláid na Bruiséile.



## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Ba thábhachtach an chéim é an Comhthionól Ginearálta chun an tArdán a fhorbairt.

Déanfar na moltaí a roinn na leanaí a mheas le haghaidh Chlár Oibre an Ardáin. Is doiciméad gearr é an Clár Oibre ina luafar na téamaí a dtabharfaidh an tArdán aghaidh orthu agus na gníomhaíochtaí a eagróidh sé agus cathain a eagróidh sé iad.

Cuideoidh an Clár Oibre le gach leanbh tuiscint a fháil ar conas páirt a ghlacadh san Ardán.



## TUILLEADH EOLAIS

Léigh tuilleadh faoin gComhthionól Ginearálta.

Faigh grianghraif ón gComhthionól Ginearálta

Féach an pacáiste fáilte atá oiriúnach do leanaí.

Léigh tuilleadh faoi Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais.

**Bí páirteach agus inis dúinn cad a cheapann tú! Líon isteach suirbhé comhairliúcháin Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais.**

Bhí suirbhé do gach leanbh beo go dtí an 31 Lúnasa 2023. Iarrtar ar leanaí sa suirbhé cad ba cheart do dhaoine fásta agus don Aontas a dhéanamh chun leanaí a choinneáil sábháilte.

Téigh chuig torthaí an tsuirbhé.



